An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# *Aistear* á Nuashonrú

## Réasúnaíocht agus próiseas

**Bealtaine 2021**

# Clár Ábhar

***Réamhrá*** **3**

***Cúlra*** **5**

***Réasúnaíocht*** **6**

***Achoimre ar phleananna chun Aistear a nuashonrú*** **11**

***Focail scoir*** **14**

***Tagairtí*** **15**

# Réamhrá

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), a thugann comhairle don Aire Oideachais maidir le:

- curaclam agus measúnú don oideachas luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Tá an CNCM tar éis nuashonrú ar *Aistear: Creat Curaclaim don Luath-Óige* (CNCM; 2009) a thionscnamh, óir tá aon bhliain déag ann ó tháinig sé isteach den chéad uair. Bhí an CNCM ag beartú tús a chur leis an bpróiseas sin go luath in 2020 sular tháinig an coróinvíreas i dtír agus roimh a thionchar ar an earnáil oideachais. B'éard ba bhrí leis na hathruithe riachtanacha ar Phlean Oibre na CNCM in 2020 gur cuireadh ar athló an próiseas nuashonraithe, ach táimid réidh an athuair chun tús a chur leis an saothar.

Tugtar achoimre sa doiciméad gearr seo ar phleananna reatha na CNCM chun *Aistear* a nuashonrú, lena n-áirítear súil ghairid a chaitheamh ar roinnt gnéithe de na hathruithe sa chomhthéacs náisiúnta a tharla ó foilsíodh an creat féin. Is é an bunphrionsabal leis an bpróiseas nuashonraithe gur cuid bhunúsach é *Aistear* d'eispéiris saoil na bpáistí san oideachas luath-óige in Éirinn, agus go bhfuil sé tar éis éirí ina bhunchloch den dea-chleachtas i go leor suíomhanna. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcothóimid agus go bhforbróimid creat curaclaim na luath-óige amach anseo lena ábharthacht agus tionchar leanúnach a áirithiú chun soláthar den scoth a fheabhsú dár bpáistí is óige.

Ní mór béim a leagan ón tús nach bhfuil aon rún ann athbhreithniú mór a dhéanamh ar *Aistear* féin. Is deis í seo chun an spéis sa chreat, an meas atá air agus an úsáid a bhaintear as a athbheochan agus a threisiú d'fhonn eispéiris saoil na bpáistí ar an oideachas luath-óige a fheabhsú. Mar shampla, tugadh le fios ó athbhreithniú le déanaí ar churaclaim luath-óige agus bunscolaíochta go bhfuil ceithre théama idirnasctha *Aistear: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*; fós ina dtuairisc bhailí ar

fhoghlaim agus fhorbairt iomchuí páistí (O'Donnell, 2018). Is deis thábhachtach í freisin do gheallsealbhóirí machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a tharla le haon bhliain déag anuas, agus féachaint ar na himpleachtaí a bhaineann leo siúd ar an gcreat, más ann dóibh. Cuirtear tús sa pháipéar le hathbhreithniú achomair ar an gcuraclam agus ar fhorbairtí gaolmhara lenar múnlaíodh eispéiris foghlama páistí sna blianta ó 2009 i leith. Faightear réasúnaíocht ina dhiaidh sin ar nuashonrú an phróisis ag féachaint d'fhorbairtí náisiúnta sa bheartas agus cleachtas oideachais luath-óige. Tugtar forbhreathnú ansin ar na pleananna do nuashonrú an phróisis, le focail scoir ina dhiaidh sin.

# Cúlra

Is é *Aistear* an creat curaclaim luath-óige do gach páiste ó bhreith go sé bliana d'aois; agus tá sé bunaithe ar léargas ar pháistí mar fhoghlaimeoirí inniúla agus muiníneacha. Tacaíonn sé le haosaigh eispéiris iomchuí foghlama dhúshlánacha, spreagúla agus thaitneamhacha a sholáthar laistigh de chaidreamh ceanúil. Tá 12 prionsabal mar bhonn faoi *Aistear*, agus cuirtear síos ann ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt trí leas a bhaint as ceithre théama idirnasctha – *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*. Is féidir leas a bhaint as an gcreat i réimse suíomhanna, agus moltar deiseanna agus eispéiris foghlama shamplacha le haghaidh trí aoisraon fhorluiteacha ann. Tá sraith treoirlínte ann maidir le comhpháirtíocht le tuismitheoirí, idirghníomhaíochtaí, súgradh agus measúnú i dteannta leis an gcreat.

In 2001, ag teacht i ndiaidh an *Pháipéir Bháin ar an Oideachas Luath-Óige, Réidh le Foghlaim* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999), iarradh ar an CNCM creat a fhorbairt chun tacú leis an luathfhoghlaim agus leis an bhforbairt; agus rinne amhlaidh thar na chéad ocht mbliana eile trí chomhpháirtíocht leis an earnáil luath-óige in Éirinn (Daly agus Forster, 2009). Bhain páistí, tuismitheoirí, cleachtóirí, oidí, institiúidí oiliúna agus oideachais, eagraíochtaí luath-óige agus ranna rialtais ábhartha leis an gcomhpháirtíocht sin. Áiríodh leis an bpróiseas chun *Aistear* a fhorbairt saothar le suíomhanna agus le scoileanna, comhairliúchán (lena n-áirítear comhairliúchán le páistí tríd an staidéar portráidíochta), athbhreithnithe ar thaighde agus breithniúchán. Le himeacht na mblianta tá an CNCM tar éis a bheith páirteach i roinnt iarrachtaí spriocdhírithe a rinneadh chun tacú le rannpháirtíocht agus taithíocht leis an gcreat.

Múnlaítear an soláthar luath-óige freisin le *Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige* (LOFLÓ, 2006) a forbraíodh ag an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFLÓ) thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE). Is é an cuspóir leis feabhsú na cáilíochta thar gach gné den chleachtas i suíomhanna as baile a shainiú, a mheasúnú agus chun tacú leis do gach páiste idir breith agus sé bliana d'aois. Tá go leor de Chaighdeáin *Síolta* i ndáil le curaclam agus creataí idirnasctha.

# Réasúnaíocht

Is mór an t-athrú atá tar éis teacht ar an gcomhthéacs do sholáthar an oideachais luath-óige in Éirinn ó foilsíodh *Aistear* i mí Dheireadh Fómhair 2009 i dtéarmaí forbairtí náisiúnta, beartais agus straitéisí, forbairtí curaclaim agus measúnaithe agus eispéiris i saol na bpáistí. Tá forbairtí suntasacha tar éis teacht chun cinn trí cheapadh beartais agus tionscnaimh ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Óige (RLCÉIÓ) agus an Roinn Oideachais (RO). Áirítear le roinnt athruithe suntasacha tabhairt isteach Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (CCOLÓ)[1], teacht aníos de lucht saothair le tuilleadh cáilíochtaí, bunú na Seirbhíse Tús níos Fearr um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta, agus tabhairt isteach na gcigireachtaí oideachais luathbhlianta ag cigirí RO. Ina theannta sin, léirítear an éagsúlacht mhéadaithe ar fud shochaí na hÉireann i saol na bpáistí a fhaightear ag croílár an tsoláthair luath-óige. Faightear roinnt samplaí d'fhorbairtí sa mhéid seo a leanas a rannchuirfidh leis an réasúnaíocht chun *Aistear* a nuashonrú, ach níl siad ceaptha a bheith ina n-athbhreithniú cuimsitheach ar gach nuálaíocht le déanaí sa tréimhse ó foilsíodh an creat féin.

***Beartas***

Díreofar san achoimre ghearr seo ar thrí thionscnamh ina ndéantar tagairt dhíreach do *Aistear*:

- In *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (ROE, 2011) dírítear aird mhór ar an tábhacht a bhaineann le *hAistear*, mar shampla, chun an curaclam a mhúnlú do ranganna naíonán; agus breithneofar le nuashonrú an chreata an gníomh sin agus gníomhartha eile i ndáil le *hAistear*.
- Is in *An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) 2014 – 2020* (ROE, 2014) agus sa *Phlean Gníomhaíochta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe R4*

[1] Clár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige – clár na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun luathfhoghlaim a sholáthar do leanaí idir 2 bhliain agus 8 mí d'aois agus a n-aistriú go dtí an bhunscoil (ar an gcuntar nach sine iad ná 5 bliana agus 6 mhí d'aois ag deireadh na bliana réamhscolaíochta) (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2019).

*2018 - R4 2020* gaolmhar a sholáthraítear creat chun tacú leis an rannchuidiú a thagann leis an oideachas luath-óige do thodhchaí níos inbhuanaithe. Áirítear leis an *bPlean Gníomhaíochta* tagairt d'iniúchadh ar OFI mar chuid de nuashonrú *Aistear*.

- Sloinntear in *An Chéad 5: Straitéis Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028* (Rialtas na hÉireann, 2018) go ndéanfar athbhreithniú ar *Aistear* agus *Síolta* araon thar shaolré na Straitéise, agus go mbeidh sé tábhachtach go gcothabhálfar an tsineirge idir an dá chreat.
- Tá roinnt forbairtí beartais eile ann, amhail an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (ROS, 2016) agus *Ráiteas Beartais don Oideachas ETIM* (ROS, 2017) lena mbainfidh tábhacht don phróiseas nuashonraithe freisin.


***Forbairtí curaclaim agus measúnachta***

Is iomaí athrú atá tar éis teacht ar an gcuraclam agus ar an limistéar measúnaithe ón mbliain 2009 i leith, agus tá sineirge, comhsheasmhacht agus leanúnachas ar fud a curaclaim agus a saothair forbartha measúnachta ar cheann de na tosaíochtaí don CNCM idir luath-óige agus deireadh an oideachais iar-bhunscolaíochta. Bhí *Aistear* mar an chéad chreat curaclaim ag Éirinn, agus tháinig *An Creat don tSraith Shóisearach* (ROE, 2015) agus *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020) ina dhiaidh. Tá comhairliúchán ar siúl maidir le *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ina leagtar amach fís don bhunoideachas, ina dtugtar tuairisc shoiléir ar struchtúr agus inneachar molta don churaclam athfhorbartha. Mar thoradh ar sholáthar dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilechoiteann ó foilsíodh *Aistear* agus *Síolta;* tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann na páistí sula dtéann siad chuig an mbunscoil agus ina dhiaidh sin. Sloinntear in *Curaclam Teanga Bunscoile (CTB/PLC)* (ROE, 2019a) go gcuireann an curaclam teanga do naíonáin shóisearacha agus shinsearacha le prionsabail *Aistear*. Ina theannta sin, áirítear leis an CTB/PLC tagairt d'eispéiris foghlama le súgradh iomchuí iontu mar an comhthéacs d'fhoghlaim teanga ag páistí óga (ROE, 2019). Tá *Aistear* ina chuid an-tábhachtach den bhonneagar curaclaim agus measúnaithe sa chóras oideachais, agus bainfidh ríthábhacht leis sa phróiseas nuashonraithe chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina gcoincheapófar, ina gcuirfear in iúl agus ina mbainfear amach leanúnachas na measúnachta sa churaclam.

***Geallsealbhóirí***
Tháinig méadú ar bhonn geallsealbhóirí *Aistear* ó thionscnaimh ag RLCÉIÓ agus RO ó 2009, agus tá geallsealbhóirí ann anois cosúil le Tús níos Fearr, Cigirí Luathbhlianta na RO agus soláthraithe clár céime agus oiliúna nach raibh gníomhach nuair a forbraíodh an creat féin. Is mithid éisteacht leis na geallsealbhóirí sin anois maidir lena n-eispéiris le *hAistear*, chomh maith le machnamh a dhéanamh leo siúd a bhí páirteach le forbairt *Aistear* sna blianta roimh 2009.

***Treoir Chleachtais Aistear Síolta***
Mar chuid den Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* (TNSA), faoi threoir RO i gcomhar le RLCÉIÓ, CNCM agus Tús níos Fearr, tá Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* (TCAS) ina cuid den chlár feabhsaithe cáilíochta náisiúnta, agus baineann ábharthacht shonrach léi don réasúnaíocht le nuashonrú *Aistear*. Óir táthar tar éis gnéithe den chreat curaclaim luath-óige a léiriú agus a fhorbairt trí mheán na n-acmhainní TCAS anois, is amhlaidh a fhiafrófar tuairimí na ngeallsealbhóirí maidir le ceisteanna dúblála agus/nó deiseanna do chuíchóiriú an téacs.

***Forbairt Lucht Saothair***
Táthar tar éis forbairt mhór a ghnóthú sna cáilíochtaí lucht saothair luath-óige ó foilsíodh *Aistear* thiar in 2009, faoi mar a léirítear sa ghraf.




(Pobal, 2019, 128)

Breithneofar le nuashonrú ar *Aistear* an chaoi a bhféadfaí an phróifíl ghairmiúil athraitheach sin a léiriú níos iomláine, go háirithe i ndáil leis an saothar leanúnach ar an bPlean Forbartha

Fórsa Oibre (RLGÓ, 2019). I gcás comhbhainteach, is amhlaidh atá méadú mór tagtha ar líon na n-institiúidí acadúla ó foilsíodh *Aistear* a sholáthraíonn céimeanna san oideachas luathóige; rud a mhéadaíonn réimse na ngeallsealbhóirí a bheidh bainteach leis an gcomhphlé earnálach faoi mar a luadh roimhe seo. Is rannchuidiú freisin iad na forbairtí leanúnacha i ndáil le *Professional Award Criteria and Guidelines for Initial Professional Education (Level 7 and Level 8) Degree Programmes for the Early Learning and Care (ELC) Sector in Ireland* (ROE, 2019b) agus *Workforce Development Plan for the Early Learning and Care (ELC), School Aged Childcare (SAC) and Childminding Sector* (RGLÓ, 2019) don réasúnaíocht le machnamh a dhéanamh ar an idirghníomhú idir *Aistear* agus gairmiúlú leanúnacha an lucht saothair sa luathóige.

***Eispéiris saoil na bpáistí***

Faightear páistí agus a saol ag croílár *Aistear* ina ndéantar ceiliúradh ar an luath-óige "... *mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an leanbh ag foghlaim ó eispéiris de réir mar thiteann siad amach*" (CNCM, 2009, 6). Ní bheadh an achoimre ghearr seo ar roinnt de na forbairtí i dtimpeallacht oideachais luath-óige ó foilsíodh *Aistear* iomlán gan tagairt a dhéanamh d'eispéiris saoil na bpáistí in Éirinn de réir mar a d'éirigh an tír níos éagsúla le blianta beaga anuas ó thaobh cúrsaí sóisialta, eitneacha, cultúrtha agus teanga. Mar shampla, tá méadú tagtha ar réimse na dteangacha a labhraíonn páistí sna suíomhanna luath-óige ón mbliain 2009 i leith agus bhain suntas leis na tacaíochtaí a soláthraíodh leis an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI)[2] chun páistí faoi mhíchumas a chumasú le rochtain a fháil agus tairbhe a bhaint as an taithí sna suíomhanna luath-óige. Caithfear aird a thabhairt ar an íogaireacht chultúrtha freisin; mar shampla tá an CNCM tar éis tús a chur le saothair ar chultúr agus stair an Luchta Siúil; agus tagann an saothar sin leis an rún chun a áirithiú go léirítear go hiomlán in *Aistear* eispéiris saoil na bpáistí. Ina theannta sin, feidhmeoidh taithí na bpáistí le bliain amháin anuas i rith phaindéim COVID-19 ina phointe tagartha sa phróiseas seo. Is mithid an earnáil a cheadú faoin méid a thacaíonn *Aistear* leo chun foghlaim agus forbairt páistí a chur chun cinn i gcomhthéacs na héagsúlachta méadaithe, agus a chuirtear ar a gcumas leis chun saothrú le gach aon leanbh.

[2] Is tionscnamh tras-Rialtais í an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI) atá deartha lena chinntiú gur féidir le páistí faoi mhíchumais lánrochtain a fháil ar an gclár CCOLÓ.

I bhfianaise leithead na n-athruithe, is mithid anois sos a ghlacadh chun machnamh orthu siúd, agus ar fhorbairtí eile, sa tsúil chun a chinntiú go mbeidh *Aistear* fós éifeachtach chun eispéiris foghlama spraíúla agus bhríomhara a chur ar fáil do gach páiste ar fud na tréimhse luath-óige. Tiocfaidh ceisteanna eile aníos gan aon amhras mar chuid den deis machnaimh atá ceaptha ar chumas *Aistear* chun tacú le soláthar den scoth san oideachas luath-óige.

# Achoimre ar phleananna chun *Aistear* a nuashonrú

Dírítear sna pleananna do nuashonrú *Aistear* ar rannpháirtíocht le geallsealbhóirí, lena n-áirítear páistí, cleachtóirí agus tuismitheoirí chun éisteacht lena bpeirspictíochtaí ar an gcreat. Cuirfear tús leis an bpróiseas ag deireadh mhí na Bealtaine 2021, agus cuirfear i gcrích thar dhá chéim é:

- Reáchtálfar Céim 1 idir míonna na Bealtaine agus na Nollag 2021, ina ndíreofar ar cheist a chur ar gheallsealbhóirí faoin méid a oibríonn go maith in *Aistear*, agus faoi na moltaí a bheadh acu faoin gcaoi a bhfeabhsófaí agus a nuashonrófaí é. Glacfaimid le haiseolas agus le dearcthaí ón gcéad chéim sin den chomhairliúchán, agus forbróimid tograí chun *Aistear* a nuashonrú dá mbarr.
- Cuirfear tús le Céim 2 i R3 2022 le comhroinnt na dtograí sin maidir le nuashonrú *Aistear*; agus is lena linn a thiomsófar le chéile aiseolas ó gheallsealbhóirí maidir leo. Is tar éis an dara céim sin den chomhairliúchán a chuirfidh CNCM bailchríoch leis an *Aistear* nuashonraithe leis an rún go bhfoilseofar é ag deireadh 2023. D'fhéadfaí an clár sin a athbhreithniú i bhfianaise na bhforbairtí leanúnacha mar fhreagairt don phaindéim.

Soláthrófar le Céim 1 agus le Céim 2 bealaí agus deiseanna éagsúla araon do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí le bheith páirteach. Áireofar leis freisin próisis lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag na páistí féin agus ag a dtuismitheoirí chun rannchuidiú go gníomhach leis a gcomhphlé mar phríomh-rannpháirtithe.

***Aiseolas a thiomsú***

Is éard a bheidh i gceist sa tiomsú sonraí i rith Chéim 1 idir Meán Fómhair agus Nollaig 2021, ná ceistneoirí ar líne agus foirm aighneachta a bheidh ar fáil ónár láithreán gréasáin, agus sraith seimineár ar líne ina mbeidh an deis ag rannpháirtithe a gcuid aiseolais a chomhroinnt maidir le *hAistear*. Táthar ag samhlú go mbeidh cleachtóirí, lucht acadúil, grúpaí abhcóideachta, tuismitheoirí, na hEagraíochtaí Náisiúnta Saorálacha um Chúram Leanaí agus grúpaí leasmhara eile rannpháirteach sna seimineáir ar líne. Ag brath ar an gcomhairle sláinte poiblí sna míonna deireanacha den bhliain 2021, is féidir go mbeidh rogha ann imeacht comhairliúcháin idirphearsanta le geallsealbhóirí a reáchtáil.

***Rannpháirtíocht páistí óga a fháil***

Agus *Aistear* á fhorbairt, rinne CNCM staidéar portráidíochta inar éascaíodh do pháistí chun rannchuidiú leis an bpróiseas (CNCM, 2007). Ón tionscnamh ceannródaíoch sin i leith is amhlaidh atá áireamh an pháiste agus ghlór na ndaltaí i gcúrsaí ag a mbíonn tionchar ar a gcuid saolta tar éis éirí níos forleithne in Éirinn, agus go háirithe i saothar curaclaim agus measúnaithe CNCM. Leanfaidh an próiseas nuashonraithe *Aistear* ar aghaidh leis an straitéis sin, agus baileofar dearcthaí páistí ann faoina n-eispéiris ar an gcreat. Tá CNCM ag eisiúint Iarratas ar Thairiscint (IaT) ina dtabharfar cuireadh do thaighdeoirí leis an taithí agus saineolas iomchuí chun togra a thaisceadh i gcomhair comhairliúcháin le páistí óga chun éisteacht faoin méid a mbaineann siad taitneamh as, faoi na daoine eile ar maith leo bheith ina gcuideachta agus faoi na háiteanna inar maith leo a bheith.

***Taighde***

Tá iniúchadh ar churaclaim luath-óige agus bhunscolaíochta in ocht ndlínse (O'Donnell, 2018) tar éis tabhairt le fios go mbaineann ábharthacht agus cuibhiúlacht le ceithre théama *Aistear* den chuid is mó nuair a dhéantar comparáid eatarthu agus curaclaim idirnáisiúnta san oideachas luath-óige. Tá sé tábhachtach freisin, aon bhliain déag ar aghaidh ó fhorbairt an chreata féin, go ndéanfaí machnamh ar thaighde le déanaí ar fhoghlaim agus forbairt páistí sa bhonn taighde do théamaí *Aistear*, agus go nglacfaí le faisnéis nua. Tá CNCM ag eisiúint IaT ina dtugtar cuireadh do thaighdeoirí leasmhara leis an taithí agus an saineolas iomchuí chun togra tairisceana a thaisceadh. Déanfar iniúchadh ar na ceithre théama tar éis críochnú an athbhreithnithe taighde le machnamh a dhéanamh ar a n-ailíniú leis an taighde reatha.

***Cumarsáid***

Tá CNCM dírithe ar thacaíocht a thabhairt don bhord le feasacht fhairsing agus chuimsitheach ar nuashonrú *Aistear*, agus ar rannpháirtíocht leis sin. Ag cur leis an gcumarsáid roimhe seo, go háirithe mar chuid den chomhairliúchán leanúnacha maidir le *"Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile"*, agus tá roinnt uirlisí cumarsáide á bhforbairt. Is ar leathanaigh shaintiomanta do Nuashonrú *Aistear* i gcuid Forbairtí Oideachais Luath-Óige de láithreán gréasáin an CNCM a gheofar gach faisnéis agus ábhar/uirlis chomhbhainteach i ndáil leis an bpróiseas, cosúil le seimineár gréasáin faisnéise maidir le prionsabal agus téamaí *Aistear*, físeán faisnéise gearr maidir leis an bpróiseas nuashonraithe agus naisc le ceistneoirí agus teimpléad d'aighneachtaí. Is i ríomhchumarsáid CNCM info@ncca a gheofar faisnéis maidir

leis an gcaoi ar féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí rannpháirteacht a ghlacadh sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla. Foilseofar ailt faisnéise i bhfoilseacháin ghairmiúla agus comhroinnfear na príomh-nuashonruithe agus an phríomhfhaisnéis de réir mar is féidir ar ár n-ardáin mheán sóisialta (Twitter, Facebook agus Instagram).

# Focail scoir

Cé gur tugadh ceisteanna faoi deara i ndáil le cur chun feidhme *Aistear* (French, 2013; Farrell, 2016; Walsh, 2016); is amhlaidh dá ainneoin sin atá forbairtí nach beag tar éis tarlú sa timpeallacht beartais agus cleachtais. Agus an méid á chur san áireamh, feiceann CNCM nuashonrú ar *Aistear* mar dheis thábhachtach don chomhoibriú agus don chomhphlé le geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara mar chuid de phróiseas:

- a bheidh mar bhonn taca faoin dearcadh go mbíonn páistí agus a gcuid saol ag croílár *Aistear* agus gurb in é tús an chomhrá
- a dhíreofar ar chomhthéacs saol na bpáistí sa 21ú haois, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don fholláine, ionchuimsiú agus glór
- a thabharfaidh aitheantas do na hathruithe sa tírdhreach luathoideachais agus cúraim, lena n-áirítear an tráth uathúil i rith na paindéime
- a thabharfaidh deis chun machnamh ar an stair agus súil á caitheamh chun cinn ar dheiseanna amach anseo d’fheabhsú breise ar cháilíocht an tsoláthair d’fhoghlaim agus forbairt na bpáistí is óige s’againne.

Is fíorfheasach do CNCM ar leibhéal an chomhairliúcháin agus na n-athruithe atá ag tarlú in earnáil na luathóige, agus d’fhonn tuirse leis an gcomhairliúchán a sheachaint agus cur leis an strus atá ann faoi láthair, is amhlaidh a tharlóidh a chomhphlé ag luas a fheilfidh do na geallsealbhóirí féin.

# Tagairtí

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (2006) *Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: LFOLÓ;

Daly M. agus Forster A. (2009) *The Story of Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework: Partnership in Action* in An Leanbh Óg, OMEP Ireland Journal, 3:1, 55-73. Le fáil ag: https://omepireland.ie/wp-content/uploads/2019/07/An-Leanbh-Og-Volume-3-2009.pdf Fuarthas rochtain air an 13 Samhain 2019.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2019) *Workforce Development Plan for the Early Learning and Care (ELC), School Aged Childcare (SAC) and Childminding Sector*. Le fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/26122f-workforce-development-plan-for-the-elcsac-sector/ Fuarthas rochtain air an 30 Márta 2021.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Réidh le Foghlaim.* Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

An Roinne Oideachais agus Scileanna (2011) *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga* 2011-2020. Le fáil ag https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/lit_num_strategy_full.pdf Fuarthas rochtain air an 30 Márta 2021.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014) *Oideachas don Inbhuanaitheacht – An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020*. Le fáil ag: national-strategy-on-education-for-sustainable-development-in-ireland-2014-2020.pdf Fuarthas rochtain air an 8 Feabhra 2021.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Le fáil ag https://ncca.ie/en/resources/framework-for-junior-cycle-2015-2 Fuarthas rochtain air an 31 Márta 2021.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Beartas maidir le hOideachas Gaeltachta 2017 – 2022*. Le fáil ag a526faa89eb64675ab685c074f93b0af.pdf (assets.gov.ie). Fuarthas rochtain air an 22 Márta 2021.

An Roinne Oideachais agus Scileanna (2019a) *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum:* Le fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language Fuarthas rochtain air an 13 Samhain 2019.

An Roinne Oideachais agus Scileanna (2019b) *Professional Award Criteria and Guidelines for Initial Professional Education (Level 7 and Level 8) Degree Programmes for the Early Learning and Care (ELC) Sector in Ireland*. Le fáil ag: https://assets.gov.ie/30316/784a2158d8094bb7bab40f2064358221.pdf Fuarthas rochtain air an 12 Feabhra 2021.

Farrell L. (2016) *Understanding and implementation of Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework by Early Years Practitioners in Childlinks*. The Journal of Barnardos, Issue 2. Baile Átha Cliath: Barnardos.

French G. (2013) *Aistear: A journey without a road map in Child Links.* The Journal of Barnardos, Issue 2. Baile Átha Cliath: Barnardos.

Rialtas na hÉireann (2018). An Chéad 5: *Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028*. Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). *Towards a framework for early learning: Final Consultation Report.* Le fáil ag https://www.ncca.ie/media/1473/towards_a_framework_for_early_learning_a_consultative_document.pdf Fuarthas rochtain air an 14 Samhain 2019.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007) *How Aistear was developed: A portraiture study.* Le fáil ag https://www.ncca.ie/media/1113/how-Aistear-was-developed-a-portraiture-study.pdf Fuarthas rochtain air an 23 Iúil 2019.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear; Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) *Draft Primary Curriculum Framework*. Le fáil ag https://ncca.ie/en/resources/ncca-primary-curriculum-framework-2020pdf/ Fuarthas rochtain air an 31 Márta 2021.

O'Donnell, S. (2018) *Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions: Desk study for the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA): Key findings synthesis: curriculum breadth, depth and organisation*. Le fáil ag https://www.ncca.ie/media/3927/ncca-key-findings-synthesis-breadth-and-depth.pdf Fuarthas rochtain air an 19 Samhain 2019.

Pobal (2019) *Annual Early Years Sector Profile Report 2018/2019*. Le fáil ag https://www.pobal.ie/app/uploads/2019/12/Annual-Early-Years-Sector-Profile-Report-AEYSPR-2018-19.pdf . Fuarthas rochtain air an 12 Feabhra 2021.

Walsh T. (2016) *Recent Policy Developments in Early Childhood Education (ECE): A jigsaw with too many pieces?* in An Leanbh Óg, The OMEP Ireland Journal of Early Childhood Studies, 10, 69 – 94.